

Bunscoileanna

eti

An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna
Feabhsúchán a Chur Chun Cinn

An curaclam coisctheach Leagan soléite



Cé muid agus cad é a dhéanann muid?

Is eagraíocht í an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (COO)¹ a dhéanann cigireacht ar cháilíocht an oideachais i scoileanna agus in ionaid oideachais taobh amuigh den scoil (EOTAS):

- oibríonn muid le rudaí a dhéanamh níos fearr duit;
- ba mhaith linn éisteacht le do bharúlacha le feabhsuithe a dhéanamh a chuideoidh leat;
- oibríonn muid le daoine eile sa rialtas le cuidiú leis na heispéiris oideachais s'agat a fheabhsú; agus
- sa scoilbhliain 2021/2022, rinne muid meastóireacht ar an churaclam choisctheach i scoileanna agus in ionaid EOTAS.

Cén rud é an curaclam coisctheach?

Úsáideann muid an téarma curaclam coisctheach le cur síos a dhéanamh ar:

- na rudaí a dhéanann na scoileanna/ionaid EOTAS le tú a choinneáil slán;
- na rudaí a bhíonn tú ag foghlaim le cuidiú le d'fhorbairt phearsanta agus d'fhorbairt mhothúchánach: sláinte, folláine, sábháilteacht agus caidrimh san áireamh; agus
- an t-eolas a thugann do scoil nó ionad duit le cuidiú leat bheith slán agus le caidrimh, tuairimí agus meonta sláintiúla a fhorbairt agus tú ag fás aníos.

¹ An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (COO) – The Education and Training Inspectorate (ETI)





Na rudaí a rinne muid

Chuir muid ceistneoir chuig achan scoil agus chuig achan ionad EOTAS le fáil amach cad é a shíl do chuid múinteoirí faoin churaclam choisctheach.



Tá bhur gcuid barúlacha iontach tábhachtach dúinn agus mar sin, chuir muid ceistneoir do dhaltaí amach chuig na scoileanna/na hionaid siúd a d'fhreagair ceistneoir na múinteoirí.



Thug muid cuairt ar **shampla** de scoileanna agus ionaid le labhairt libhse, le cuid de bhur múinteoirí, agus leis an fhoireann sinsir.



Bhuail muid le roinnt tuismitheoirí le fáil amach cad a shíleann siad faoin churaclam choisctheach.



Cad é an t-aiseolas a fuair muid?



14,665

sin líon na ndaltaí i mblianta 7, 10, 12 agus 14 a d'fhreagair ár gceistneoir



7082

Daltaí ó R7



7583

Daltaí ó iar-bhunscoileanna

Cén t-aiseolas eile a fuair muid?

D'fhreagair **509** scoil agus ionad EOTAS ár gceistneoir

Tugadh **50** cuairt ar scoileanna agus ionaid EOTAS le labhairt faoi chuid den aiseolas ó na ceistneoirí

Bhuail **31** gobharnóir le cigirí

Bhuail **7** ngrúpa tuismitheoirí le cigirí

**GO RAIBH
MAITH
AGAIBH!**



Seo na rudaí is maith le daltaí bunscoile

Is maith libh foghlaim faoin churaclam choisctheach mar seo:

ag déanamh póstaer ar ábhair áirithe

gach duine ag obair le chéile sa rang mar cuireann sé spraoi ar an fhoghlaim ar go leor bealaí éagsúla

Seomra Nuachta C2k (nuacht do pháistí)

tionóil

cluichí obair foirne le comhspríoc mar shampla, scil a fhorbairt nó rud éigin taitneamhach a chruthú

ag dul chuig áiteanna taobh amuigh den scoil le foghlaim

obair péire

léaráidí damháin alla a dhéanamh faoin rud a bhfuil muid ag foghlaim faoi mar shampla, piarbhrú

ag imirt cluichí *'fíor nó bréagach?'*

Seo na rudaí ba mhaith le daltaí bunscoile

Dúirt daltaí bunscoile gur mhaith libh foghlaim níos mó faoi:

an damáiste a dhéanann andúile

saincheisteanna íomhá coirp, náire coirp agus ag streachailt le féinghrá coirp

an dóigh le piarbhrú a láimhseáil

bogadh scoile agus gan a bheith inníoch faoi

an dóigh le hinsint do do thuismitheoir faoi na hathruithe ar do chorp

na hathruithe ar mo chorp atá go fóill le theacht

an dóigh le strus mór a láimhseáil

fanacht dearfach le smaointe maithe fút féin agus a bheith sásta leis an duine atá ionat

cibearbhulaíocht agus bulaíocht eile

cineálacha éagsúla gnéasachta agus inscne

níos mó eolais faoi chearta leanaí

an dóigh le plé le briseadh suas cairdeas



Seo a d'inis sibhse dúinn



mothaíonn chóir a bheith achan duine agaibh go bhfuil sibh slán agus go dtugtar aire daoibh ar scoil, agus tá a fhios agaibh cé ar cheart daoibh labhairt leis má bhíonn sibh míshásta nó buartha;



tá níos mó tacaíochta de dhíth oraibh le bhur sláinte agus folláine mhothúchánach chomh maith le sábháilteacht ar líne agus ríomhshábháilteacht;



tá sibh ag iarraidh go gcluinfear bhur gcuid dearcthaí maidir leis an churaclam choisctheach;



ní maith libh é nuair a úsáideann múinteoirí acmhainní atá as dáta nó a úsáideadh/chonacthas roimhe; agus



tá sibh ag iarraidh go dtabharfaidh an curaclam coisctheach aghaidh ar shaincheisteanna atá bainteach le hábhar i bhur saol faoi láthair.

Seo a d'inis bhur scoileanna/bhur n-ionaid dúinn



is í an phríomhthosaíocht atá acu ná sibh a choinneáil slán;



tá siad dírithe ar an teagasc faoi shláinte is folláine mhothúchánach agus faoi shábháilteacht ar líne mar is iad seo na saincheistanna is tábhachtaí daoibh;



is iadsan féin a roghnaíonn ábhar an churaclaim choiscthigh, rud a chiallaíonn go bhfoghlaímíonn cuid agaibh faoi shaincheistanna ar leith nach bhfoghlaímíonn cuid eile agaibh fúthu;



caithfidh siad níos mó a dhéanamh le bhur dtuairimí agus tuairimí bhur gcuid tuismitheoirí/cúramóirí ar an churaclam choisctheach a fháil ionas go mbeidh sibh ag foghlaim faoi cheistanna reatha; agus








ní fhaigheann siad go leor tacaíocht phroifisiúnta, acmhainní ná oiliúna le cuidiú leo teagasc daoibh faoi na saincheistanna níos íogaire, mar shampla, mí-úsáid agus dúshaothrú gnéasach leanaí.












Seo a d'inis bhur gcuid tuismitheoirí agus gobharnóirí dúinn

-  tá siad ar an eolas faoin dóigh a gcoinníonn na scoileanna/ionaid slán sibh;
-  is mór acu an curaclam choisctheach le cuidiú libh cinntí eolasacha freagracha a dhéanamh ar feadh bhur saoil;
-  oibríonn múinteoirí agus cúntóirí ranga go crua le haire a thabhairt do bhur bhfolláine;
-  ba mhaith leo níos mó a fháil amach faoin churaclam choisctheach, mar shampla, cad é a theagasctar duit agus cá huair; agus
-  tá bhur dtuismitheoirí ag iarraidh níos mó eolais ar an churaclam choisctheach sa dóigh is go dtig leo labhairt libh faoi agus cuidiú le bhur dtuiscint sa bhaile.

Cad é a chaithfidh a bheith níos fearr daoibh?

-  Tá sibh ag iarraidh a bheith níos rannpháirtí sa dearadh agus san athbhreithniú ar ábhar an churaclaim choiscthígh, agus sa dóigh a dteagasctar é.
-  Ba mhaith libh múinteoirí agus cúntóirí ranga a bheith agaibh atá muiníneach agus eolach le teagasc daoibh faoi na rudaí atá sibh ag iarraidh a fhoghlaim, na saincheisteanna íogaire san áireamh.
-  Tá sibh ag iarraidh ar achan scoil agus ar achan ionad athbhreithniú a dhéanamh ar an chultúr/éiteas sa dóigh is go mothaíonn gach duine agaibh go bhfuil fáilte romhaibh, go bhfuil meas oraibh agus go bhfuil sibh páirteach, fiú má bhíonn bhur gcuid dearcthaí difriúil ó dhaoine eile.
-  Caithfidh scoileanna/ionaid curaclam coisctheach a chur ar fáil atá ábhartha agus úsáideach in bhur saol, faoi láthair agus sa todhchaí.
-  Caithfidh scoileanna/ionaid athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a dtig le gach ábhar tacú libh le foghlaim faoin churaclam coisctheach agus cur le forbairt bhur gcuid scoileanna agus tuisceana le cinntí eolacha a dhéanamh.
-  Is gá go n-oibríonn an Roinn Oideachais agus ranna eile rialtais le scoileanna/ionaid le tacú le múinteoirí a bheith níos muiníní maidir le planáil agus soláthar an churaclaim choiscthígh.





Cad é mar a bheidh a fhios againn go bhfuil rudaí níos fearr?

Oibreoidh an COO leis an Roinn Oideachais agus le heagraíochtaí eile le fáil amach faoin dóigh a bhfuil siad ag tacú le scoileanna/ionaid chun an curaclam coisctheach a dhéanamh níos ábhartha agus níos úsáidí daoibh.



Cuirfidh an COO ceist ar an fhoireann i scoileanna/ionaid faoin dóigh a bhfuil siad ag éisteacht agus ag freagairt do bhur dtuairimí faoi na rudaí atá sibh ag iarraidh a fhoghlaim.



Amharcfaidh an COO ar an mheastóireacht seo arís i gceann cúpla bliain le fáil amach cén dul chun cinn atá déanta.



Gluais

Ionaid EOTAS: Seasann EOTAS do Oideachas Taobh Amuigh den Scoil (Education Other Than at School). Is féidir le daltaí áirithe freastal ar ionad EOTAS ar feadh tréimhse ghearr ama ionas gur féidir leis an ionad tacú le scoileanna agus le daltaí díriú ar an fholláine.

Mí-úsáid: Tá foirmeacha éagsúla de mhí-úsáid ann. Thig le mí-úsáid mhothúchánach, ghnéasach nó fhisiceach a bheith i gceist, nó faillí. Ní bhíonn an locht choíche ar an pháiste/duine óg nuair a tharlaíonn mí-úsáid.

Dúshaothrú Gnéasach Leanaí: Is cineál de mhí-úsáid ghnéasach leanaí é seo nuair a bhaineann duine/daoine leas as páiste/duine óg agus cuireann iallach orthu gníomhaíocht ghnéasach a dhéanamh mar mhalairt ar rud éigin, mar shampla, airgead. Is féidir le páiste/duine óg ar bith a bheith ina íospartach agus ní orthusan a bhíonn an locht choíche.

Má tá inní ort faoi cheann ar bith de na saincheistean a pléadh, labhair le duine fásta i do scoil/ionad le do thoil.



COO: Feabhsúchán a Chur Chun Cinn ar Mhaithe le Gach Foghlaimeoir



Seirbhísí cigireachta a chur ar fáil do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Geilleagair
agus Ranna eile coimisiúnaithe



An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna
Feabhsúchán a Chur Chun Cinn